An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 22 Deireadh Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**EUCO 17/21**

**CO EUR 15**
**CONCL 5**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (21 agus 22 Deireadh Fómhair 2021) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. COVID-19

1. Leis na feachtais vacsaínithe ar fud na hEorpa, tá dul chun cinn suntasach déanta sa chomhrac i gcoinne COVID-19. Mar sin féin, tá cúrsaí fós an-tromchúiseach i roinnt Ballstát. Chun rátaí vacsaínithe a mhéadú a thuilleadh ar fud an Aontais, ba cheart dlús a chur leis na hiarrachtaí chun dul i ngleic leis an drogall roimh vacsaíniú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis, go háirithe ar ardáin na meán sóisialta. Is gá fanacht ar an airdeall maidir le teacht chun cinn agus leathadh aon athraitheacha nua a d'fhéadfadh a bheith ann.

2. I bhfianaise fhorbairt na staide eipidéimeolaíche, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí comhordú breise chun an tsaorghluaiseacht laistigh den Aontas agus an taisteal isteach san Aontas, a éascú agus go ndéanfaí athbhreithniú ar an dá mholadh ón gComhairle. Molann sí don Choimisiún dlús a chur lena chuid oibre le tríú tíortha maidir le haitheantas frithpháirteach na ndeimhnithe.

3. Bunaithe ar an taithí a fuarthas ó ghéarchéim COVID-19, ní mór athléimneacht agus ullmhacht chothrománach an Aontais i leith géarchéimeanna a neartú. Chun a áirithiú go mbeidh cosc, ullmhacht agus freagairt níos fearr ar éigeandálaí sláinte san Aontas amach anseo, iarrann an Chomhairle Eorpach go dtabharfaí i gcrích an chaibidlíocht maidir le pacáiste reachtach an Aontais Sláinte agus go n-áiritheofaí gur leordhóthanach rannpháirtíocht na mBallstát i rialachas an Údaráis um Ullmhacht agus Freagairt i gcás Éigeandálaí Sláinte (HERA). Meabhraítear di gur gá leanúint ar aghaidh go mear leis an obair maidir le rochtain ar chógais ar fud na mBallstát.

4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go leanann an tAontas de bheith tiomanta rannchuidiú leis an bhfreagairt idirnáisiúnta ar an bpaindéim agus rochtain ar vacsaíní a áirithiú do chách. Iarrann sí go mbainfí go gasta na bacainní ar leathadh amach na vacsaíní ar fud an domhain, agus iarrann sí ar an gCoimisiún tuilleadh teagmhála a dhéanamh go díreach le monaróirí i ndáil leis sin. Leis sin, beidh na Ballstáit in ann dlús a chur le seachadadh na vacsaíní chuig na tíortha is mó atá i ngátar. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don táirgeadh agus don ghlacadh atá le vacsaíní i dtíortha comhpháirtíochta.

5. I gcomhthéacs an chruinnithe de chuid G20 atá ar na bacáin agus i bhfianaise an tseisiúin speisialta a bheidh ag an gComhthionól Domhanda Sláinte i mí na Samhna, cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis go dtacaíonn sí le ról láidir, lárnach a bheith ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte i rialachas domhanda sláinte amach anseo agus go dtacaíonn sí leis an gcuspóir teacht ar chomhaontú faoi chonradh idirnáisiúnta maidir le paindéimí.

## II. CÚRSAÍ DIGITEACHA

6. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach go bhfuil sé de sprioc ag an Aontas a áirithiú go n-éireoidh le claochlú digiteach na hEorpa, rud a chuirfidh dlús leis an bhfás eacnamaíoch, le cruthú post agus leis an iomaíochas, agus a neartóidh ár gceannasacht dhigiteach ar bhealach féinchinntitheach oscailte. Leis sin, déanfar ár n-athléimneacht a threisiú agus an t-aistriú glas a éascú. Chuige sin, cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis an gá atá le beartais dhigiteacha a bheidh cuimsitheach inbhuanaithe agus, go háirithe, nach mór díriú ar scileanna digiteacha agus ar an oideachas digiteach.

7. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí scrúdú go pras ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh lena mbunófar an Clár Beartais 2030 'Conair go dtí an Deacáid Dhigiteach', lena mbeidh an Compás Digiteach á chur chun feidhme.

8. Rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn maidir leis an gclár oibre digiteach agus na príomhchomhaid reachtacha. Molann sí do na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú maidir leis an Rialachán Fánaíochta faoi dheireadh na bliana, agus iarrann sí orthu leanúint den obair ar na tograí maidir leis an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus an Ionstraim um Margaí Digiteacha d'fhonn teacht ar chomhaontú uaillmhianach a luaithe is féidir. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé dul chun cinn gasta a dhéanamh maidir le tionscnaimh eile, idir na cinn atá ann cheana agus tionscnaimh eile atá le teacht, go háirithe:

   – lán a luacha a thabhairt do shonraí san Eoraip, go háirithe trí chreat rialála cuimsitheach atá fabhrach don nuálaíocht agus lena n-éascófar iniomparthacht sonraí níos fearr, rochtain chothrom ar shonraí agus lena n-áiritheofar an idir-inoibritheacht;

   – na bearta eile is gá a chur chun feidhme chun spásanna sonraí earnálacha ar leith a bhunú, mar a leagtar amach sa straitéis Eorpach maidir le sonraí ó mhí Feabhra 2020 agus treochlár a bhunú don phróiseas sin;

– creat rialála atá fabhrach don nuálaíocht a bhunú le haghaidh na hintleachta saorga le go dtosóidh an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí ar úsáid níos mó a bhaint as an teicneolaíocht sin, agus sábháilteacht agus lánurraim do chearta bunúsacha á n-áirithiú ag an am céanna;

– caighdeáin chomhchoiteanna a leagan síos agus cur chuige comhordaithe a chomhaontú le haghaidh Creat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach; agus

– obair chur chun cinn a dhéanamh i ndáil le héiceachóras micrishliseanna Eorpach ceannródaíoch a chruthú, ar fud an tslabhra luacha ina iomláine, agus athléimneacht bhreise a chothú, lena n-áirítear maidir le hamhábhair, ós rud é go bhfuil sé sin ríthábhachtach chun ganntanais a chuireann bac ar an gclaochlú digiteach a sheachaint. Sa chomhthéacs sin, tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an togra atá le teacht maidir le hIonstraim Eorpach um Shliseanna.

9. Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar an méadú suntasach atá tagtha ar chibirghníomhaíochtaí mailíseacha darb aidhm an bonn a bhaint dár luachanna daonlathacha agus de shlándáil phríomhfheidhmeanna ár sochaithe. Athdhearbhaíonn sí go bhfuil sé de thiomantas daingean aici na luachanna daonlathacha a shaothrú, bíodh sé sin ar líne nó as líne. I ndáil leis sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas tiomanta do chibearspás oscailte saor cobhsaí slán, agus tathantaíonn sí ar thíortha ar fud an domhain cloí leis na noirm sin agus iad a fhorfheidhmiú. Iarrann sí go gcuirfí chun cinn an obair ar an togra le haghaidh Treoir athbhreithnithe maidir le Slándáil Gréasán agus Córas Faisnéise, ar an Treoir atá beartaithe maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil agus ar an mBosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta. Cuireann sí i bhfios go láidir gur gá comhordú agus ullmhacht éifeachtach a bheith ann roimh chibearbhagairtí. Sa chomhthéacs sin, cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé forbairt bhreise a dhéanamh ar chreat bainistithe géarchéimeanna cibearshlándála an Aontais agus go mbeadh freagairt éifeachtúil ann ar leibhéal an Aontais ar theagmhais agus ar ghéarchéimeanna cibearshlándála mórscála, lena n-áirítear trí fhreachnaimh agus trí fhéachaint an bhféadfaí tionscnamh um Chibearaonad Comhpháirteach a bhunú. Cuireann sí i dtábhacht a riachtanaí atá sé gníomhú ar bhealach treisithe i gcomhrac na cibearchoireachta, go háirithe ionsaithe le bogearraí éirice, agus comhar le tíortha comhpháirtíochta a fheabhsú, lena n-áirítear i bhfóraim iltaobhacha. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an toradh a bheidh ar an athbhreithniú atá ar siúl faoi láthair ar Chreat Beartais Cibearchosanta an Aontais.

10. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an nascacht dhigiteach, lena n-áirítear trí fhéachaint an bhféadfaí an nascacht dhaingnithe spásbhunaithe a fhorbairt a thuilleadh. Ba cheart samhail Eorpach den nascacht iontaofa a fhorbairt agus a chur chun cinn, bunaithe ar luachanna iontaoibhe, trédhearcachta agus cuntasachta an Aontais. Tá ról lárnach ag ár gcomhpháirtíochtaí le tíortha a bhfuil dáimh acu linn, ó thaobh ár leasanna agus ár luachanna a chur chun cinn ar an stáitse domhanda. Is céim thábhachtach í an Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta chun an comhar trasatlantach a neartú sa réimse digiteach.

## III. PRAGHSANNA FUINNIMH

11. Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar an ardú tobann a tháinig ar phraghsanna fuinnimh le déanaí agus bhreathnaigh sí ar thionchar na n-arduithe praghsanna ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí, go háirithe ar ár saoránaigh leochaileacha agus ár FBManna, agus iad ag iarraidh teacht chucu féin tar éis phaindéim COVID-19.

12. Sa bhosca uirlisí a cuireadh i láthair sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le dul i ngleic le hardú leanúnach na bpraghsanna fuinnimh tá bearta úsáideacha don ghearrthéarma agus don fhadtéarma araon.

13. Iarrann an Chomhairle Eorpach:

   – ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar fheidhmiú na margaí gáis agus leictreachais, chomh maith le margadh ETS an Aontais, le cabhair ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA). Ina dhiaidh sin, measfaidh an Coimisiún an bhfuil gá le gníomhú breise rialála i gcomhair iompraíochtaí áirithe trádála;

   – ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an leas is fearr is féidir a bhaint, ar bhonn práinne, as an mbosca uirlisí chun faoiseamh gearrthéarmach a chur ar fáil do na tomhaltóirí is leochailí agus chun tacú le cuideachtaí Eorpacha, agus éagsúlacht agus sainiúlacht chásanna na mBallstát á gcur san áireamh;

- ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle féachaint go gasta an bhféadfaí bearta meántéarmacha agus fadtéarmacha a dhéanamh a rannchuideodh le fuinneamh ar phraghas inacmhainne a chur ar fáil do theaghlaigh agus do chuideachtaí, a mhéadódh athléimneacht chóras fuinnimh agus mhargadh inmheánach fuinnimh an Aontais, a chuirfeadh slándáil an tsoláthair ar fáil agus a thacódh leis an aistriú chuig an aeráidneodracht, agus éagsúlacht agus sainiúlacht chásanna na mBallstát á gcur san áireamh; agus

- ar an mBanc Eorpach Infheistíochta féachaint an bhféadfaí dlús a chur leis an infheistíocht san aistriú fuinnimh, laistigh dá lamháltas caipitil reatha, d'fhonn na rioscaí go mbeadh suaitheadh ann amach anseo a laghdú agus d'fhonn uaillmhianta na hEorpa i réimse na nascachta domhanda a bhaint amach.

14. Déanfar an obair sin a thabhairt ar aghaidh gan mhoill ag an gcruinniú urghnách a bheidh ag an gComhairle ITF (Fuinneamh) an 26 Deireadh Fómhair 2021. Leanfaidh an Chomhairle Eorpach d'athbhreithniú a dhéanamh ar an gceist seo agus tiocfaidh sí ar ais chuici i mí na Nollag.

## IV. AN IMIRCE

15. Ag eascairt as na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24 agus an 25 Meitheamh 2021, agus chun nach bhfaighidh daoine bás agus chun an brú ar theorainneacha na hEorpa a laghdú i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta, cuireadh ocht gcinn de phleananna gníomhaíochta do thíortha tionscnaimh agus idirthurais i láthair. Ba cheart don Choimisiún agus don Ardionadaí, in éineacht leis na Ballstáit de réir mar is iomchuí, na pleananna sin a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme gan mhoill, i gcomhar le tíortha comhpháirtíochta. Tá coinne ag an gComhairle Eorpach go mbeidh amlínte nithiúla agus tacaíocht leordhóthanach airgeadais mar bhonn leis na pleananna gníomhaíochta sin; athdhearbhaíonn sí a hiarraidh ar an gCoimisiún tuairisciú don Chomhairle maidir lena intinn i ndáil leis sin.

16. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún tograí a thíolacadh mar ábhar práinne agus maoiniú a shlógadh do ghníomhú ar na bealaí imirce uile, i gcomhréir le huaillmhian mhéadaithe an Aontais, agus tuairisciú don Chomhairle go tráthrialta ina leith sin. Ba cheart an úsáid is fearr is féidir a bhaint as 10 % ar a laghad d'imchlúdach airgeadais NDICI, chomh maith le cistiú faoi ionstraimí ábhartha eile, chun gníomhú i réimse na himirce.

17. I gcomhréir leis an ráiteas uaithi i mí an Mhárta 2021 agus leis na conclúidí uaithi i mí an Mheithimh 2021, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go meastar go mbeifear in ann an maoiniú faoi ionstraimí ábhartha a shlógadh go tráthúil do dhídeanaithe ón tSiria agus do phobail óstacha sa Tuirc, san Iordáin, sa Liobáin agus i gcodanna eile den réigiún, lena n-áirítear an Éigipt.

18. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Tuirc cur chun feidhme iomlán neamh-idirdhealaitheach Ráiteas 2016 ón Aontas agus ón Tuirc a áirithiú, lena n-áirítear *vis-à-vis* Poblacht na Cipire.

19. Ní bheidh glacadh ag an gComhairle Eorpach le haon iarracht dá ndéanfaidh tríú tíortha teacht i dtír ar imircigh chun críoch polaitiúil. Cáineann sí gach ionsaí hibrideach ag teorainneacha an Aontais agus freagróidh sí dá réir.

20. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún aon athruithe is gá ar chreat dlíthiúil an Aontais a mholadh chomh maith le bearta nithiúla a mbeidh tacaíocht leordhóthanach airgeadais mar bhonn dóibh chun freagairt láithreach iomchuí i gcomhréir le dlí an Aontais agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta a áirithiú, lena n-áirítear cearta bunúsacha.

21. Leanfaidh an tAontas den ionsaí leanúnach a thosaigh réimeas na Bealarúise a chomhrac, lena n-áirítear trí bhearta srianta sa bhreis a ghlacadh i gcoinne daoine agus eintitis dhlítheanacha, i gcomhréir lena chur chuige céimnitheach, mar ábhar práinne.

22. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach gur gá a áirithiú go mbeidh fillteacha éifeachtach agus go ndéanfar comhaontuithe agus socruithe um athligean isteach a chur chun feidhme ina n-iomláine, agus leas á bhaint as an ngiaráil is gá.

23. Tá rún daingean i gcónaí ag an Aontas rialú éifeachtach a áirithiú ar a theorainneacha seachtracha.

24. Ba cheart leanúint de na hiarrachtaí chun gluaiseachtaí tánaisteacha a laghdú, agus chun cothromaíocht chóir idir freagracht agus dlúthpháirtíocht a áirithiú i measc na mBallstát.

## V. TRÁDÁIL

25. Bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach ar bheartas trádála an Aontais.

## VI. CAIDREAMH SEACHTRACH

26. Phléigh an Chomhairle Eorpach na hullmhúcháin do Chruinniú Mullaigh ASEM, a bheidh ar siúl an 25-26 Samhain 2021. Sa chomhthéacs sin, tacaíonn sí le straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigeánach agus iarrann sí ar an gComhairle a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go pras í.

27. Phléigh an Chomhairle Eorpach freisin na hullmhúcháin do Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir, atá le tionól an 15 Nollaig 2021. Tá caidreamh an Aontais leis an réigiún sin fíorthábhachtach i gcónaí ar bhonn straitéiseach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a hiarraidh ar údaráis na Bealarúise gach príosúnach polaitiúil a scaoileadh saor.

28. Agus muid ag teannadh le COP26 i nGlaschú, iarrann an Chomhairle Eorpach go dtabharfaí freagairt uaillmhianach dhomhanda ar an athrú aeráide. Is den bhunriachtanas nach n-imeofaí rófhada ar strae ón teorainn 1.5° C ar an téamh domhanda a bhaint amach. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Páirtithe uile spriocanna agus beartais náisiúnta uaillmhianacha a chur ar aghaidh agus a chur chun feidhme. Tathantaíonn sí go háirithe ar na geilleagair mhóra nach ndearna amhlaidh go fóill rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta, agus iad feabhsaithe uaillmhianach, a chur in iúl nó a thabhairt cothrom le dáta in am do COP26 agus straitéisí fadtéarmacha a thíolacadh chun glan-astaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach gealltanas an Aontais agus a Bhallstát leanúint dá maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide a uas-scálú. Iarrann sí ar thíortha forbartha eile a ranníocaíocht a mhéadú ar bhonn práinne leis an sprioc chomhchoiteann USD 100 billiún a chur ar fáil in aghaidh na bliana as seo go dtí 2025 mar mhaoiniú don aeráid.

29. Thug an Chomhairle Eorpach dá haire freisin na hullmhúcháin don chruinniú a bheidh ag COP15 maidir leis an mbithéagsúlacht in Kunming. Iarrann sí go mbeadh creat bithéagsúlachta domhanda uaillmhianach ann don tréimhse tar éis 2020 d'fhonn stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus chun an chailliúint sin a aisiompú.

*

* *

*I bhfianaise an dearbhaithe ón gComhairle an 6 Nollaig 2018 maidir le comhrac an fhrithsheimíteachais agus cur chuige coiteann maidir leis an tslándáil a fhorbairt ionas gur fearrde an chosaint a thabharfar do phobail agus institiúidí Giúdacha san Eoraip agus i bhfianaise an dearbhaithe ón gComhairle an 2 Nollaig 2020 maidir le comhrac an fhrithsheimíteachais a phríomhshruthú i ngach réimse beartais, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú, a ghlac an Coimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2021. Le Fóram Idirnáisiúnta Malmö maidir le Cuimhneachán ar an Uileloscadh agus don Chomhrac in aghaidh an Fhrithsheimíteachais an 13 Deireadh Fómhair 2021, meabhraítear dúinn nach mór ár seacht ndícheall a dhéanamh chun gach cineál frithsheimíteachais, ciníochais agus seineafóibe a chomhrac.*